Uisce Truaillithe sa Ghaillimh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi uisce truaillithe sa Ghaillimh. Déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge a fháil do na focail/na téarmaí seo thíos.

parasite _____

water supply _____

The Council issued a statement _____

to boil water _____

in case there was _____

giving advice _____

close by _____

the first emergency _____

surrounding area _____

sewerage system _____

farm effluent _____

guidance _____

running water _____

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí. Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú leat.

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth gur eisigh an Comhairle Contae fógra le hinsint do dhaoine an t-uisce a fhiuchadh?

2. Cén áit go díreach a bhfuil an truailliú uisce seo ann?

3. Cad chuige nach raibh uisce reatha ag muintir Inis Ní cúpla seachtain ó shin?

4. Luann áitritheoir amháin dhá chúis go bhfuil an t-uisce truaillithe, cad iad?

5. Cad is féidir le muintir na háite a dhéanamh anois?

Ceist 4 Féach ar na logainmneacha seo atá luaite sa tuairisc:

Cloch na Rón
Iorras Beag
Inis Ní

(a) Cén t-ainm Béarla atá ar na háiteanna seo?
(b) Cén bhrí liteartha atá ar na háiteanna céanna?
(c) Cén t-ainm Gaeilge atá ar an áit a bhfuil tú féin i do chónaí?
(d) Cad is brí le hainm na háite a bhfuil tú i do chónaí ann?

Ceist 5 '*Deir* áitritheoir amháin *nach gcuidíonn* . . . '

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail atá i gcló Iodálach thuas?
(b) Féach ar an mhéid a bhí le rá ag Eimear Ní Chonaola sa chéad chuid den mhír. Cuir 'deir sí' roimh gach abairt san alt agus déan cibé athruithe agus is gá.

'Tá an pharaisít ar ais arís, an uair seo i soláthar uisce Chloch na Rón, Iorras Beag agus Inis Ní. D'eisigh Comhairle Chontae na Gaillimhe ráiteas ar ball, ag tabhairt fógra do dhaoine an t-uisce a fhiuchadh le haghaidh bia a ghlanadh agus le haghaidh fiacla a ghlanadh. Tugadh fógra ar dtús faoin uisce sa gceantar seo i ndeisceart Chonamara Dé hAoine seo caite, ar fhaitíos go raibh E coli ann freisin. Chuaigh oifigigh ón gComhairle ó dhoras go doras i rith an deireadh seachtaine ag tabhairt comhairle do dhaoine an t-uisce a fhiuchadh. Tá an scéal ag Ailbhe Ó Monacháin.'

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An ólann tusa uisce ón sconna i do theach féin?
Cad í an chúis leis an uisce truaillithe sa tír, dar leat?
An bhfuil meas ar bith ag muintir na hÉireann ar an nádúr/dúlra?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

parasite	*paraisít*
water supply	*soláthar uisce*
The Council issued a statement	*d'eisigh an Comhairle Contae*
to boil water	*le huisce a fhiuchadh*
in case there was	*ar fhaitíos go raibh*
giving advice	*ag tabhairt comhairle*
close by	*in aice láimhe*
the first emergency	*an chéad ghéarchéim*
surrounding area	*an ceantar máguaird*
sewerage system	*córas séarachais*
farm effluent	*eisilteach feirme*
guidance	*treoir*
running water	*uisce reatha*

Ceist 2
Achoimre ghairid ar an tuairisc atá i gceist anseo, seans atá ann do na foghlaimeoirí an bhuntuiscint ghinearálta a fháil.

Ceist 3
1. Mar go bhfuil an t-uisce truaillithe i gContae agus i gCathair na Gaillimhe le *Cryptosporidium* agus ar eagla go bhfuil *E coli* ann freisin.
2. I ndeisceart Chonamara, i gCloch na Rón, in Iorras Beag agus in Inis Ní.
3. Ní raibh uisce reatha acu cúpla seachtain ó shin mar go raibh fadhb leis an phíopa san áit.
4. Deir áitritheoir amháin nach gcuidíonn brú ar an chóras séarachais agus eisilteach feirme leis an uisce a choinneáil glan.
5. Idir an dá linn níl mórán is féidir le muintir an cheantair anseo a dhéanamh ach fanacht le treoir a chinntiú ó Chomhairle Contae na Gaillimhe go bhfuil an t-uisce reatha as Loch Oiriúlach anseo sábháilte le hól arís.

Ceist 4

(a) agus (b)
Cloch na Rón (Roundstone): The rock of the seals.
Iorras Beag (Errisbeg): A small promontory
Inis Ní (Inishnee): The Island of saints or of Ó Niadh (éiginnte)

(c) agus (d)
Mura bhfuil an t-eolas seo ar eolas acu iarr orthu an t-eolas a fháil don tseachtain seo chugainn.

Ceist 5
(a) An chaint indíreach.
(b) Deir sí **go bhfuil** an pharaisít ar ais arís, an uair seo i soláthar uisce Chloch na Rón, Iorras Beag agus Inis Ní.
Deir sí **gur eisigh** Comhairle Chontae na Gaillimhe ráiteas ar ball, ag tabhairt fógra do dhaoine an t-uisce a fhiuchadh le haghaidh bia a ghlanadh agus le haghaidh fiacla a ghlanadh.
Deir sí **gur tugadh** fógra ar dtús faoin uisce sa gceantar seo i ndeisceart

Chonamara Dé hAoine seo caite, ar fhaitíos go raibh E coli ann freisin.
Deir sí **go ndeachaigh** oifigigh ón gComhairle ó dhoras go doras i rith an deireadh seachtaine ag tabhairt comhairle do dhaoine an t-uisce a fhiuchadh.
Deir sí **go bhfuil** an scéal ag Ailbhe Ó Monacháin.'

Ceist 6
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola
Gan é bliain cheart fós ó truaillíodh uisce ar sheachtó míle duine i gContae agus i gCathair na Gaillimhe le *Cryptosporidium*. Tá an pharaisít ar ais arís, an uair seo i soláthar uisce Chloch na Rón, Iorras Beag agus Inis Ní. D'eisigh Comhairle Contae na Gaillimhe ráiteas ar ball, ag tabhairt fógra do dhaoine an t-uisce a fhiuchadh le haghaidh bia a ghlanadh agus le haghaidh fiacla a ghlanadh. Tugadh fógra ar dtús faoin uisce sa gceantar seo i ndeisceart Chonamara Dé hAoine seo caite, ar fhaitíos go raibh *E coli* ann freisin. Chuaigh oifigigh ón gComhairle ó dhoras go doras i rith an deireadh seachtaine ag tabhairt comhairle do dhaoine an t-uisce a fhiuchadh. Tá an scéal ag Ailbhe Ó Monacháin.

Ailbhe Ó Monacháin
Ní seo an chéad uair a bhí muintir na háite seo gan uisce ólacháin. I mí Mheán an Fhómhair bhí truailliú *E coli* i bhfoinse an uisce anseo chomh maith agus níl sé ach cúpla seachtain ó shin ó bhí muintir Inis Ní in aice láimhe anseo gan uisce reatha mar go raibh fadhb leis an phíopa sa cheantar sin.

Ó tharla an chéad ghéarchéim bhí ar mhuintir Chloch na Rón agus an cheantair máguaird uisce a cheannacht i mbuidéil agus lean cuid mhór daoine á dhéanamh seo fiú amháin nuair a bhí an baol oifigiúil imithe. Deir áitritheoir amháin nach gcuidíonn brú ar an chóras séarachais agus eisilteach feirme leis an uisce a choinneáil fíorghlan i Loch Oiriúlach anseo san áit a bhfuil an foinse.

Áitritheoir
Tháinig dhá oifigeach ón Chomhairle Contae ag an doras ag insint dúinn an t-uisce a fhiuchadh. Agus chuaigh siad ó theach go teach dá insint do chuile dhuine agus níl a fhios againn cén t-achar a bheidh orainn an t-uisce a fhiuchadh anois agus níl a fhios acu féin é go ndéanfaidh siad scrúduithe eile air. Agus tá sé ina chás, agus tá sé ag déanamh go leor trioblóide ar chuile dhuine mar má chaithfear dul agus na buidéil a cheannacht arís.

Ailbhe Ó Monacháin
Idir an dá linn níl mórán is féidir le muintir an cheantair anseo a dhéanamh ach fanacht le treoir a chinntiú ó Chomhairle Contae na Gaillimhe go bhfuil an t-uisce reatha as Loch Oiriúlach anseo ar mo chúl sábháilte le hól arís.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4, in aice le Cloch na Rón i gContae na Gaillimhe.